eti

An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do:
An Roinn Oideachais
An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta

CHARTER MARK
CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Náiscoil Chamlocha
# Camloch

## Dáta na Cigireachta: Eanáir 2008

# FAISNÉIS STAITISTIÚIL

| | |
|---|---|
| **Ainm an Ionaid Réamhscoile:** | Naíscoil Chamlocha |
| **Seoladh:** | Tailte Chumann Sheáin Uí Néill, CLG<br>Bóthar an Iúir<br>CAMLOCH<br>Co Ard Mhacha<br>BT35 7JP |
| **Cineál Bainistíochta:** | Deonach |

| | |
|---|---|
| **Dáta na Cigireachta:** | 28 Eanáir 2008 |
| **Dáta na Cigireachta roimhe sin:** | |

## 1. Sonraí faoi na Páistí

| **Líon iomlán na bpáistí:** | **seisiún am** | **seisiún pm** |
|---|---|---|
| • atá ag freastal ar an ionad réamhscoile | 22 | - |
| • atá sa bhliain go díreach roimh an chéad bhliain scoile | 12 | - |
| • atá á maoiniú ag an Roinn Oideachais | 12 | - |
| • atá cáilithe faoi chritéir iontrála 1 agus 2 de chuid na Roinne Oideachais | 3 | - |
| • a bhfuil ráiteas ina leith go bhfuil Sainriachtanais Oideachais acu | 1 | - |
| • nach bhfuil ráiteas ina leith ach atá ag fáil teiripe nó tacaíochta a bhaineann le Sainriachtanais Oideachais ó dhaoine gairmiúla eile | 2 | - |
| • a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu | 0 | - |
| • a d'fhág sa bhliain scoile roimhe seo le freastal ar rang réamhscoile taobh istigh de bhunscoil | 4 | - |
| **Tinreamh:** | | |
| • tinreamh na bpáistí a fuair maoiniú don bhliain scoile roimhe seo ina chéatadán** | 90% | - |

** Bunaithe ar an fhigiúr ón dáta a bhí an iontráil comhlánaithe

## 2. Sonraí faoin Fhoireann

| Líon: | Lánaimseartha | Páirtaimseartha |
|---|---|---|
| Baill foirne agus an ceannaire san áireamh | 2 | 2 |
| Baill foirne a bhfuil cáilíochtaí aitheanta cúram leanaí acu | 2 | 2 |
| Ceapacháin nua le 12 mhí anuas | 0 | 2 |

| Líon: ** | |
|---|---|
| Mic léinn | 0 |
| Oiliúnaithe | 0 |

** Iomlán socrúchán ó Mheán Fómhair na bliana reatha

## 3. Sonraí faoi Sheisiúin

| Fad ama sheisiún na maidine | Fad ama sheisiún an tráthnóna | Líon laethanta a bhí an t-ionad oscailte sa bhliain roimhe |
|---|---|---|
| 3¾ huaire an chloig | - | 190 |

## 4. Ceistneoirí chuig Tuismitheoirí

| | |
|---|---|
| Líon a eisíodh chuig tuismitheoirí: | 13 |
| Céatadán acu a cuireadh ar ais: | 54% |
| Líon na dtuairimí scríofa: | 6 |

**NAÍSCOIL CHAMLOCHA, CAMLOCH, CO ARD MHACHA, BT35 7JP (5AB-0544)**

## RÉAMHRÁ

1. Is ionad Réamhscolaíochta Lán-Ghaeilge í Naíscoil Chamlocha agus í lonnaithe i bhfoirgneamh saintógtha taobh istigh de chuid tailte Chumann Sheáin Uí Néill, Cumann Lúthchleas Gael (CLG). Tá bealach isteach ann chuig áit dhaingean súgartha a forbraíodh ar na mallaibh. Is ó cheantar mhór máguaird a thagann na páistí.

2. Is trí cheistneoirí cigireachta a tugadh deiseanna do na tuismitheoirí agus don fhoireann barúlacha a nochtadh faoin ionad. Is léir ó na freagraí a fuarthas ó na tuismitheoirí gur mór acu an treoir fhóinteach a chuireann an fhoireann ar fáil agus an cúram a thugann siad do na páistí agus go bhfuil siad ag tacú go mór leo. D'fhreagair an fhoireann uile don cheistneoir agus léirigh go raibh siad sásta go maith leis an ionad. Fuarthas trí fhreagairt dhearfacha ón ghrúpa bainistíochta Léirigh gach duine a d'úsáid an ceistneoir le freagairt go raibh siad sásta go maith le soláthar oideachais an ionaid.

3. Tá modhanna oibre ag an ionad chun na treoracha, a bhfuil cur síos orthu in imlitreacha iomchuí de chuid na Roinne Oideachais (RO), a chur i bhfeidhm agus tá sé i ndiaidh roinnt réimsí a aimsiú go cuí atá le feabhsú agus tá an feabhsú sin ar siúl faoi láthair. I measc na láidreachtaí tá:

- an t-atmaisféar cluthar lán carthanachta ina neartaítear go héifeachtach féinmhuinín agus féinmheas na bpáistí;
- caighdeán na gcaidreamh ar fud an ionaid;
- sláinte agus folláine na foirne agus na bpáistí a bheith ina n-ardtosaíocht; agus
- an chumarsáid éifeachtach leis na tuismitheoirí agus an comhoibriú éifeachtach le gníomhaireachtaí eile.

**Aimsíodh réimse a bhfuil feabhsú uaidh agus mar chuid de sin cuimsítear:**

- an gá go ndéanfar tuilleadh faireacháin, luachála agus nuachóirithe ar éifeachtacht na bpolasaithe tréadchúraim.

4. Tá láidreachtaí móra i gclár an ionaid le haghaidh cur chun cinn na sláinte agus na folláine agus tugtar aird ar fhorbairt agus ar fheidhmiú clár itheacháin shláintiúil agus gníomhaíochta coirp chun na páistí a spreagadh le stíl bheatha níos sláintiúla a bheith acu.

## CAIGHDEÁN AN OIDEACHAIS A SHOLÁTHRAÍTEAR

5. Tá atmaisféar réidh, sona, lán carthanachta san ionad. Bíonn an fhoireann ag obair go crua le timpeallacht dhaingean thacúil a chruthú a bhíonn ina cuidiú ag na páistí agus iad ag éirí féinmhuiníneach neamhspleách. Bíonn caidreamh maith ann idir daoine ag gach leibhéal.

6. Cruthaíonn an fhoireann timpeallacht tharraingteach foghlama agus na háiteanna súgartha leagtha amach go han-soiléir acu. Bíonn cuid oibre na bpáistí ar taispeáint agus lipéid uirthi i mBéarla agus i nGaeilge go minic agus is furasta teacht a bheith acu ar na hacmhainní.

7. Bíonn cothromaíocht oiriúnach sa chlár ama laethúil idir saorshúgradh agus gníomhaíochtaí a bhíonn faoi stiúir daoine fásta. Eagraítear am sneaice na bpáistí ar dhóigh nach mbíonn aon chur isteach ann agus lena linn sin bíonn deiseanna oiriúnacha ag na páistí a gcuid scileanna sóisialta agus a gcuid neamhspleáchais a fhorbairt. Bíonn deiseanna rialta ag na páistí bheith ag súgradh taobh amuigh, bheith i mbun rann agus amhrán agus seisiúin scéalaíochta a bheith acu.

8. Bíonn idirghníomhaíocht na foirne leis na páistí ina spreagadh le sult agus greann a bheith acu. Bíonn siad ag labhairt leis na páistí faoin súgradh agus uaireanta tarraingíonn siad smaointe isteach chun go gcuirfear le forbairt chumas smaointeoireachta agus labhartha na bpáistí. Caithfidh an fhoireann tuiscint níos fearr a bheith acu ar na féidearthachtaí foghlama atá sna hábhair agus sna gníomhaíochtaí pleanáilte, agus caithfidh siad straitéisí níos éifeachtaí a úsáid le go gcuirfear le cumas teanga agus foghlama na bpáistí.

9. Déantar cur síos sna pleananna ar chlár leathan mheáite do na páistí agus é deartha le forbairt ar gach uile bhealach a spreagadh iontu. Tá réimse maith de théamaí agus de thopaicí oiriúnacha ann agus iad ina gcúnamh le cineálacha suimiúla éagsúla taithí foghlama a chruthú do na páistí. Ba chóir don fhoireann a chinntiú go mbeidh an phleanáil ghearrthréimhseach ina cuidiú acu le treoir níos éifeachtaí a thabhairt dóibh ina gcuid oibre leis na páistí ó lá go lá agus go mbeidh go leor dul chun cinn agus dúshláin inti le freastal ar riachtanais aonair gach páiste.

10. Tá clár leathan cothrom ag an ionad agus tugann sé deiseanna foghlama idir mhaith agus shásúil do na páistí i mbunús na réimsí den churaclam réamhscoile. Léiríonn na pointí a leanas gnéithe sonracha den chlár.

- Tugtar aird go cúramach ar chothú fhorbairt phearsanta mhothúchánach na bpáistí. Tá na páistí in ann roghanna neamhspleácha a dhéanamh agus bheith freagrach as an timpeallacht súgartha acu. Tá siad féinmhuiníneach agus toil mhór acu don obair agus iad ag éirí níos tuisceanaí ag an leibhéal cuí ar na rialacha agus ar na gnáthaimh riachtanacha.

- Tá an fhoireann ag tosú a bhaint úsáid chuí as an áit súgartha amuigh faoin spéir, ach an aimsir a bheith fabhrach, le súgradh fuinniúil a eagrú agus aithníonn siad gur gá tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an soláthar le haghaidh súgradh amuigh faoin spéir. Tá na páistí ag foghlaim scileanna iomchuí láimhsithe agus iad ag úsáid uirlisí beaga agus ag éirí sciliúil in úsáid siosúr agus scuaba péinte.

- Cuirtear réimse maith de ghníomhaíochtaí cruthaitheacha ar fáil rud a spreagann na páistí le bheith ag baint triail as ábhair agus as uirlisí éagsúla. Bíonn deiseanna ann go minic ar amhránaíocht neamhfhoirmiúil agus is tríothu sin atá na páistí ag cur bailiúchán oiriúnach rann agus amhrán le chéile, rud is léir a mbaineann siad an-sult as.

- Is cainteoir inniúil Gaeilge í an ceannaire agus bíonn cúrsa Gaeilge á reáchtáil aici do bhaill foirne ó na naíscoileanna eile sna ceantair máguaird. Úsáideann na baill eile foirne bun-Ghaeilge leis na páistí agus dá bharr sin bíonn caighdeán na hidirghníomhaíochta i nGaeilge idir an fhoireann agus na páistí athraitheach, idir bheith maith agus bheith teoranta. Caithfidh na múinteoirí cur lena gcuid scileanna in úsáid na teanga le gur féidir cumarsáid níos iomláine a bheith ann idir iad féin agus na páistí agus eatarthu féin. Tá na páistí ag tosú a fhreagairt don fhoireann i nGaeilge agus ba choir iad a spreagadh le Gaeilge a úsáid go han-mhinic i rith an lae.

- Tá seomra ciúin san ionad agus baintear úsáid as mar leabharlann. Tá stoc oiriúnach leabhar inti agus ba chóir tuilleadh leabhar a úsáid i ngníomhaíochtaí an tseomra súgartha. Le linn na cigireachta, bhain na páistí sult as an seisiún ceoil agus amhránaíochta agus ghlac siad páirt go fonnmhar ann; úsáideadh amhráin agus rainn i rith an tseisiúin le suim na bpáistí a chothú san obair agus le deiseanna foghlama a thabhairt dóibh, agus bíonn deiseanna oiriúnacha acu triail a bhaint as marcanna a dhéanamh agus as na chéad chéimeanna den scríobh. Baineann an fhoireann úsáid mhaith as taifid scríofa le cuntas a dhéanamh ar ráitis agus ar smaointe na bpáistí agus scríobhann siad nótaí mar is cuí ar obair líníochta agus ar obair ealaíne de chuid na bpáistí.

- Spreagtar bunsmaointeoireacht sa mhatamaitic go héifeachtach i gcuid mhór réimsí súgartha. Úsáideann an fhoireann topaicí a bhaineann leis na séasúir agus an timpeallacht chun eolas na bpáistí ar an saol ina dtimpeall a mhéadú agus chun suim sa saol a mhéadú iontu.

11. Tá córas sainoibrithe i bhfeidhm ag an fhoireann agus déanann siad breathnóireacht agus taifeadadh ar fhreagairtí na bpáistí agus iad ag súgradh. Caithfidh an bhreathnóireacht a bheith níos déine agus í a bheith nasctha leis an chlár phleanáilte le go mbeidh sí ina cúnamh agus pleanáil á déanamh sa dóigh go ndéanfar freastal ar riachtanais aonair cuid de na páistí. Tugtar eolas ar dhul chun cinn na bpáistí do na bunscoileanna a mbeidh siad ag aistriú chucu.

12. Tugann an fhoireann tacaíocht luachmhar do na páistí sin a aimsíodh a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Bíonn siad i dteagmháil leis na tuismitheoirí agus le daoine gairmiúla eile mar is cuí. Caithfidh an fhoireann leanúint de bheith ag cur lena gcuid oilteachta agus iad ag fáil oiliúint agus cúnamh breise.

13. Bíonn deiseanna maithe ag an fhoireann agus ag tuismitheoirí teagmháil a dhéanamh lena chéile agus cuirtear seisiúin Ghaeilge ar fáil mar thacaíocht do na tuismitheoirí agus iad ag foghlaim na teanga le go mbeidh siad ábalta cuidiú lena gcuid páistí. Is ó nuachtlitreacha agus ó chruinnithe rialta a fhaigheann tuismitheoirí an t-eolas cuí faoi dhul chun cinn na bpáistí.

14. Tá rún daingean ag an cheannaire cur le forbairt an ionaid. Léiríonn sí an-díograis ina cuid oibre. Tá tuiscint i measc na mball foirne ar crua-oibrithe iad gur meitheal mhaith iad agus tá tuiscint ghlinn acu go bhfuil réimsí ann a bhfuil tuilleadh forbartha uathu amhail soláthar le haghaidh súgradh amuigh faoin spéir, mar shampla. Tá naisc éifeachtacha déanta acu le gníomhaireachtaí taobh amuigh, leis na bunscoileanna áitiúla agus le clár SureStart. Ba chóir don fhoireann tús a chur le cur chuige struchtúrtha agus iad i mbun

féinmheastóireachta agus fianaise a bhailiú go bhfuil feabhas á chur ar sholáthar agus chleachtas an oideachais. Tá láidreachtaí móra san obair atá déanta ag saineolaí oideachais luath-óige an ionaid. Is maith a bheas an fhoireann ag leanúint den obair forbartha atá le déanamh agus cúltaca leanúnach saineolaí oideachais luath-óige an ionaid acu.

**15. Ar bhuanna an ionaid tá:**

- an timpeallacht tharraingteach foghlama agus an t-éiteas fíordhearfach ina neartaítear féinmhuinín, neamhspleáchas agus féinmheas na bpáistí;
- na páistí cairdiúla agus an caidreamh an-mhaith idir daoine ag gach leibhéal rud a chothaíonn go minic súgradh socair a bhfuil cuspóir leis;
- na tuismitheoirí tacúla agus na deiseanna a thugtar dóibh freastal ar sheisiúin Ghaeilge;
- na hócáidí iomadúla sin agus diansúgradh táirgiúil ar siúl, agus na gníomhaíochtaí ardchaighdeáin cruthaitheacha agus foirgnithe;
- na deiseanna foghlama idir shásúil agus mhaith a bhíonn i mbunús réimsí an churaclaim réamhscoile; agus
- an ceannaire dúthrachtach díograiseach agus an fhoireann ar oibrithe crua agus tacaíocht mhaith iad.

**16. Aimsíodh sa chigireacht réimsí atá le feabhsú. Agus é ag tabhairt faoin chuid is tábhachtaí de na réimsí sin, caithfidh an t-ionad:**

- a chinntiú go mbeidh bunús níos comhsheasmhaí faoi na hidirghníomhaíochtaí i nGaeilge idir an fhoireann agus na páistí le go gcuirfear go héifeachtach le teanga agus foghlaim na bpáistí; agus
- leanúint de bheith ag cur le forbairt na modhanna pleanála agus measúnaithe lena chinntiú go n-aimseofar an t-ábhar atá le foghlaim agus go ndéanfar freastal ar riachtanais éagsúla gach páiste.

17. Tá láidreachtaí ina lán gnéithe den oideachas agus den tréadchúram a sholáthraítear san ionad réamhscolaíochta. Tá an chigireacht i ndiaidh roinnt nithe a aimsiú a bheas le feabhsú i réimsí tábhachtacha agus is gá tabhairt fúthu sin le freastal go héifeachtach ar riachtanas gach páiste.

Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn an ionaid réamhscolaíochta agus é ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

**FOSCRÍBHINN**

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

Caithfear a chinntiú go ndéanfar maoirseacht iomchuí ar pháistí agus iad ag úsáid fíoruirlisí.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk